



**Plean Gníomhaíochta
Bithéagsúlachta Chontae
Mhuineacháin
2026–2031**



Téama 1 Iniúchadh bithéagsúlachta

Aidhm

Tacú lenár mbunachar sonraí agus é a neartú chun bithéagsúlacht a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú laistigh den chontae trí bhailiú sonraí, mapáil agus taighd



Téama 2 Caomhnú, athchóiriú agus teacht aniar

Aidhm

Bearta a chur i gcrích arb é is aidhm dóibh an bithéagsúlacht a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú ar fud an chontae faoi 2031



Téama 3 Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla

Aidhm

Caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus a chomhtháthú i bpróisis agus oibríochtaí cinnteoireachta trí bheartas, dea-chleachtas agus nósanna imeachta.



Téama 4 Ceangal a dhéanamh leis an dúlra

Aidhm

Feabhas a chur ar chomhoibriú i measc gach duine a ghlacann le cur chuige uile-shochaí chun bithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú laistigh den chontae.



Téama 1: Iniúchadh bithéagsúlachta

Ar mhaithe le gníomh bithéagsúlachta atá éifeachtach agus dea-roghnaithe a dhéanamh, teastaíonn tuiscint láidir ar dháileadh speiceas agus gnáthóg, chomh maith le staid agus fairsinge na ngnáthóg i Muineachán. Cabhraíonn sonraí iontaofa linn iarracht a dhíriú ar an méid is tábhachtaí – ionas gur féidir tosaíochtaí a aithint, gníomhartha a spriocdhíriú agus cuspóirí soiléire a shocrú chun stop a chur leis an meath agus tacú le téarnamh. Tá comhoibriú leanúnach le comhpháirtithe tábhachtacha de dhíth chun an méid sin a bhaint amach, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, cumas GIS Chomhairle Contae Mhuineacháin, eagraíochtaí agus cláraitheoirí fiadhúlra áitiúla, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Príomhthosaíochtaí faoin téama seo:

- Sonraí faoi speicis agus gnáthóga is ábhar imní caomhnaithe i gContae Mhuineacháin a thiomsú agus a fheabhsú
- Speicis agus gnáthóga tosaíochta a mhapáil chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise ar fud fheidhmeanna Chomhairle Contae Mhuineacháin
- Líonra éiceolaíochta de shuíomhanna tábhachtacha agus ceangail ar fud an chontae a fhorbairt chun conairí fiadhúlra a chosaint agus a fheabhsú

Cuspóir 1: An stór eolais a neartú maidir le caomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta i Muineachán

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
1.1 Iniúchadh ar Bhith-éagsúlacht a dhéanamh ar fud na tíre	Tuascáil chuimsitheach iniúchta ar bithéagsúlacht a fhoilsiú agus leas á bhaint as suirbhéireachtaí atá ann cheana chun sonraí bonnlíne a bhunú maidir le gnáthóga agus speicis; sraitheanna córais faisnéise geografaí ábhartha a chruthú	Iniúchadh curtha i gcrích agus ar fáil go poiblí; méid na ngnáthóg agus na speiceas taifeadta	5B; 5C	Roinn Bhithéagsúlacht; GIS; NPWS; NBDC
1.2 Bearnaí a shainaithint maidir le taifid speiceas/gnáthóg	Suirbhéireachtaí/tionscadail ábhartha a choimisiúnú chun dul i ngleic le bearnaí eolais agus chun tuiscint ar bithéagsúlacht Mhuineacháin a fheabhsú	Méid na suirbhéireachtaí nua atá déanta; méid na dtaifead speiceas/gnáthóg nua atá cruthaithe	5A;5B	Roinn Bhithéagsúlacht; BWI; BCI; BWG; IFI; NPWS; NBDC
1.3 Limistéir Bhithéagsúlachta an Chontae a shainaithint agus a léarscáiliú (CBAnna)	CBAnna a léarscáiliú agus aird a tharraingt orthu agus leas á bhaint as treoirlínte na Comhairle Oidhreacht	Méid na CBAnna léarscáilithe agus deimhnithe; sraitheanna córais faisnéise geografaí atá comhtháite i gcórais phleanála	2A;2B; HCLO 3; HCLO 8; HCLO 14- 16	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Pleanála; GIS; HC; NPWS
1.4 Pleana na Gníomhaíochta Spriocdhírthe maidir le Gnáthóga agus Speicis a fhorbairt	Pleananna gníomhaíochta maidir le gnáthóga agus speicis a chur i gcrích agus a fhoilsiú	Méid na bpleananna gníomhaíochta forbartha; méid na ngníomhartha curtha i bhfeidhm	2A;2E	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Pleanála; GIS; NPWS
1.5 Léarscáil Líonra Éiceolaíochta a fhorbairt	Léarscáil líonra éiceolaíochta ar fud an chontae a chruthú chun eolas a dhéanamh do bhonneagar glas agus gorm	Léarscáil críochnaithe agus in úsáid i gcinntí pleanála; méid na gconairí fiadhúlra sainaitheanta	2B	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC; NGO's; LAWPRO: NWPS
1.6 Sonraí bithéagsúlachta a lárú le haghaidh pleanála agus cinnteoireachta	Tairseach dhigiteach um sonraí bithéagsúlachta a sheoladh a bhfuil rochtain ag rannóga CCM agus ag páirtithe leasmhara ábhartha uirthi	Tairseach i bhfeidhm; minicíocht na nuashonruithe ar na sonraí	5B	Roinn Bhithéagsúlacht; GIS; NBDC



Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
1.7 Plean Bainistithe a fhorbairt maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha (SCI)	Tuarascáil chuimsitheach iniúchta ar SCI a fhoilsiú agus leas á bhaint as suirbhéireachtaí atá ann cheana chun sonraí bonnlíne a bhunú maidir le speicis, suíomh agus fairsinge; sraitheanna córais faisnéise geografai ábhartha a chruthú	Plean glactha; méid na suíomhanna SCI bainistithe nó díothaithe gach bliain	2G; ISO 1/ ISP 1	Roinn Bhithéagsúlacht; GIS; NPWS
1.8 Straitéis Crann agus Fálta Sceach CCM a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	Straitéis a fhoilsiú ina leagtar amach an cur chuige maidir le crainn agus fálta sceach a chosaint, a chur, a bhainistiú agus a chur chun cinn i Muineachán	Straitéis foilsithe; méid na ngníomhartha curtha i gcrích	2B; NEGI 2; WP 1 / TWP 2	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Gairdínóireacht; Roinn Bóithre





Téama 2: Caomhnú, athchóiriú agus teacht aniar

Pléann an dara téama le bithéagsúlacht agus éiceachórais Mhuineacháin a chosaint, athchóiriú a dhéanamh ar limistéir atá díghrádaithe agus teacht aniar in aghaidh dúshláin amach anseo amhail athrú aeráide, speicis ionracha agus ilroinnt gnáthóige a chinntiú. Cuireann éiceachórais shláintiúla seirbhísí bunriachtanacha ar fáil – uisce glan, stóráil carbóin, rialú tuillte agus pailniú – nithe a théann chun tairbhe an dúlra agus daoine araon. Trí dhíriú ar an gcaomhnú agus ar an athchóiriú, is féidir le Muineachán a speicis agus a tírdhreacha uathúla a chosaint do na glúnta atá le teacht.

Príomhthosaíochtaí faoin téama seo:

- Gníomhartha bithéagsúlachta náisiúnta agus áitiúla a dhéanamh (lena n-áirítear gníomhartha údaráis áitiúil an 4ú NBAP).
- Gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint agus a athbhunú (Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Shliabh Beatha, bogaigh, limistéir oidhreachta nádúrtha mholta, gabhláin ghaoithe, ialtóga).
- Feabhas a chur ar theacht aniar tírdhreacha, uisce agus aeráide (fálta sceach, dea-chleachtas maidir le feirmeacha/talamh poiblí, aibhneacha/lochanna lena n-áirítear Loch Mucnú).



Cuspóir 2: Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a athchóiriú agus a neartú i Muineachán

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
2.1 Feasacht a mhúscailt maidir le galair plandaí agus ainmhithe (e.g. críonadh siar fuinseoige, plá cráifisce, srl.)	Feachtais feasachta poiblí agus seisiúin oiliúna a sholáthar agus bearta bithshlándála a chur chun cinn	Méid imeachtaí reáchtáilte; ábhair bhitshlándála tugtha amach	1B9, 1C5, 1C6; NEGI 2; HCLSO 1	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC; NPWS
2.2 An gabhlán gaoithe (Apus apus), atá ar an liosta dearg, a chosaint i Muineachán	Suíomhanna neadaithe an ghabhlán gaoithe a chosaint; suíomhanna nua a bhunú; iarraidh ar bhloic/boscaí don ghabhlán gaoithe mar chuid d'fhorbairtí cuí nua; monatóireacht a dhéanamh ar phobail	Méid na mboscaí suiteáilte; méid na neadacha gníomhacha taifeadta gach bliain	2A3, 2A4; NEGI 6; HCLO 2; HCLP 1; HCLo 11	Roinn Bhithéagsúlacht; NPWS; RBCT; Truagh; IFA; Mhaoinithe talún; Páirtithe leasmhara tras-theas
2.3 Feirm Elliott a fhorbairt mar shuíomh bithéagsúlacht eiseamláire	Tionscadal píolótach a sheoladh le hathchóiriú fála sceach, féarach caomhantais, agus bailiú síolta	Fairsinge na bhfálta sceach a bhainistítear; táscairí bithéagsúlachta feabhsaithe	3A2; NEGI 5	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Gairdínóireacht; Hedgerows Ireland; TT; Scoileanna
2.4 Gníomhartha Údaráis Áitiúil ón 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a chur i bhfeidhm	Gníomhartha ábhartha a chur i bhfeidhm gach bliain trí chomhoibriú le ranna CCM; An tuarascáil dualgais bithéagsúlachta bhliantúil a chur i gcrích	Tuarascáil curtha faoi bhráid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	2B1, 2B2; NEGI 8; HCLO 4; WLP 1-3	Roinn Bhithéagsúlacht; LAWPRO; MWF; IFI; NPWS; CWF; Mhaoinithe talún; TT
2.5 Tacú le Plean Bainistithe Caomhnaithe LCS Shliabh Beatha	Comhoibriú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le páirtithe ábhartha chun talamh portaigh a athchóiriú, speicis ionracha a bhainistiú, speicis agus gnáthóga a chaomhnú, agus falscaithe a rialú.	Achar talún portaigh athchóirithe; méid na mbeart rialaithe dóiteáin curtha i bhfeidhm; suíomhanna SCI cóirithe	2B3; NEGI 2, NEGI 13, NEGI 14	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Timpeallachta; EPA; LAWPRO; UI; IFI; NPWS; RBCT

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
2.6 Eolaire bithéagsúlachta a chruthú	Eolaire a fhoilsiú agus a chothabháil ar líne d'eagraíochtaí, grúpaí agus seirbhísí a bhfuil baint acu le bithéagsúlacht a chur chun cinn, a bhainistiú agus a chaomhnú i Muineachán	Eolaire seolta; méid na n-eagraíochtaí liostaithe; nuashonruithe bliantúla críochnaithe	1C1, 1C3; NEGI 2;	Roinn Bhithéagsúlacht; BWG; HC
2.7 Tacú le tionscnaimh na Creat-treorach Uisce	Obair le Rannóg Chomhshaoil CCM agus le páirtithe leasmhara chun tacú le tionscnaimh a chuireann le hathchóiriú dobharlach, e.g. aistriú éisc, aibhneacha Spota Ghoirm	Méid beart curtha i gcrích	3B1; WP 1/ TWP 2	Roinn Bhithéagsúlacht; Hedgerows Ireland; MCC; TT; Mhaoinithe talún; Teagasc;
2.8 Plean Gníomhaíochta Bogaigh Mhuineacháin a chur i bhfeidhm	Leanúint ar aghaidh ag cur gníomhartha ardtosaíochta i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara; Tionscadal pólótach um athchóiriú bogaigh a sheoladh i gcomhpháirtíocht le Fóram Bogaigh Mhuineacháin	Tionscadal tosaithe; limistéar athchóirithe; méid na ngníomhartha curtha i bhfeidhm	2A5	Roinn Bhithéagsúlacht; Rionn MCC; TT; Mhaoinithe talún; NGO's
2.9 Tacú le cur i bhfeidhm Thuarascáil Bhithéagsúlachta Loch Mucnú	I gcomhar le páirtithe leasmhara, moltaí a thagann chun cinn, go háirithe i dtaca le gnáthóga larscríbhinn 1, a chur i bhfeidhm	Méid na ngníomhartha curtha i bhfeidhm; táscairí bithéagsúlachta a ndearnadh monatóireacht orthu	4A2; ISO 1/ ISP 1	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC; TT; NGOs
2.10 Suirbhéireachtaí a mhaoiniú le haghaidh speicis neamhchoitianta nó faoi bhagairt	Cur le hiarrachtaí monatóireacht a dhéanamh ar speicis, atá ar an Liosta Dearg nó faoi chosaint faoi Threoracha AE maidir le hÉin agus Gnáthóga, agus iad a chaomhnú trí shuirbhéireachtaí éiceolaíochta spriocdhírithe a mhaoiniú, e.g. an scréachóg reilige, an fritileán réisc, an t-iora rua, an phiardóg liathbhán, srl.	Méid na suirbhéireachtaí curtha i gcrích; taifid nua curtha leis an mbunachar sonraí	2C1, 2C2	Roinn Bhithéagsúlacht; Europe Direct; MID; NPWS; HC;

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
2.11 Suirbhéireacht agus measúnú a dhéanamh ar pNHAnna	Measúnuithe éiceolaíochta a dhéanamh ar pNHAnna chun tuiscint níos fearr a fháil ar na suíomhanna sin agus ar a ról mar thaiscí bithéagsúlachta	Méid na pNHAnna a ndearnadh suirbhéireacht orthu; tuarascálacha dálaí foilsithe	2A1; NEGI 9; HCLO 2	Roinn Bithéagsúlacht; NPWS
2.12 Moltaí Shuirbhéireacht Fálta Sceach Mhuineacháin a chur i bhfeidhm	Dul i dteagmháil le húinéirí talún, feirmeoirí, conraitheoirí, pobail agus páirtithe leasmhara ábhartha chun feasacht a mhúscailt agus fálta sceach a choinneáil/chur/bhainistiú le haghaidh bithéagsúlachta agus gníomhaithe ar son na haeráide	Fad na bhfálta sceach curtha/cothabháilte; úsáid dhúchasach; méid na n-imeachtaí oiliúna/feasachta	AC3; HCLO 3	Roinn Bithéagsúlacht; BWI; TT; NPWS
2.13 Pobail ialtóg a chosaint agus a neartú	Gníomhartha spriodhírithe a chur i bhfeidhm chun suíomhanna fara a chosaint, gnáthóga sealgaireachta a fheabhsú, agus feasacht phoiblí a mhúscailt; cinntiú go gcuirtear bearta soilsithe agus cosanta gnáthóige cuí san áireamh le tionscadail forbartha.	Méid na mboscaí suiteáilte; gníomhaíocht ialtóg taifeadta; éagsúlacht speiceas	2C4; HCLO 3	Roinn Bithéagsúlacht; BCI; TT; NPWS
2.14 Meitheal Bithéagsúlachta Mhuineacháin a éascú mar fheidhm den Fhóram Oidhreachta	Cruinnithe a réachtáil gach ráithe agus tuarascáil dul chun cinn bhliantúil a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta CCM (2026-2031) agus lena hathbhreithniú	Méid na gcruinnithe réachtáilte; tuarascáil foilsithe; rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara; tuairisc don Fhóram Oidhreachta gach ráithe	1B9, 1C2	Roinn Bithéagsúlacht; Lónra Oifigeach Éagsúlachta bitheolaíoch; HC
2.15 Comhoibriú le Lónra na nOifigeach Bithéagsúlachta	Torthaí bithéagsúlachta réigiúnacha agus náisiúnta a neartú trí theagmháil le Lónra na nOifigeach Bithéagsúlachta chun saineolas a roinnt, comhthionscnaimh a chomhordú, agus tionchar iarrachtaí caomhantais a neartú.	Méid an chomhoibrithe; torthaí bainte amach	3A1, 3A3; NEGI 11, NEGI 12, DZNGI 7	Roinn Bithéagsúlacht; Roinn an Aimsire; Mhaoinithe talún; Teagasc; TT; NPWS; NGOs.

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
2.16 Bainistiú talún atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a chur chun cinn	Cleachtais bainistithe talún atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a éascú trí chomhar dlúth le feirmeoirí, úinéirí talún, agus pobail tuaithe; rannpháirtíocht a chur chun cinn i dtionscnaimh amhail Farming for Nature, Hare's Corner nó High Nature Value Farming; suíomhanna taispeántais agus líonraí foghlama idir piaraí a fhorbairt chun dea-chleachtais a chur i láthair	Méid na n-imeachtaí reáchtáilte a dhírigh ar úinéirí talún; méid na bhfeirmeoirí a ghlac páirt iontu	4B1	Roinn Bhithéagsúlacht; EAO; NPWS; TT; NGOs





Téama 3: Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla

Tugann an tríú téama deis do Chomhairle Contae Mhuineacháin a bheith mar cheannaire i gcosaint na bhithéagsúlachta tríd an smaointeoireacht éiceolaíochta a leabú ar fud a cuid réimsí oibre ar fad. Tugann sé aitheantas don ról tábhachtach atá ag rialtas áitiúil ó thaobh caighdeáin a leagan síos, ag imirt tionchair ar iompraíocht agus ag múnú áiteanna ina bhfuil an bhithéagsúlacht in ann a bheith faoi bhláth. Déanfaidh an Chomhairle comhtháthú ar cheisteanna bithéagsúlachta i mbeartais, straitéisí agus cinntí oibríochta tábhachtacha – ar fud réimsí amhail pleanáil, soláthar, gníomhú ar son na haeráide, tithíocht agus iompar. Trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla, is féidir le Comhairle Contae Mhuineacháin toradh cuilitheach dearfach a chruthú, ag spreagadh gníomhartha níos leithne agus ag leabú na freagrachta comhroinnte as an mbithéagsúlacht agus inbhuanaitheacht éiceolaíochta ar fud an chontae.

Príomhthosaíochtaí faoin téama seo:

- Bithéagsúlacht a leabú ar fud bheartais agus chinnteoireacht na Comhairle, lena n-áirítear pleanáil, gníomhú ar son na haeráide, iompar, tithíocht agus bonneagar.
- Tailte poiblí a bhainistiú ar bhealach atá dearfach don dúlra, ag baint úsáid as cleachtais atá oiriúnach don bhithéagsúlacht amhail lomadh laghdaithe, plandú dúchasach agus feabhsú gnáthóg.
- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla trí oiliúint foirne, tionscadail shuaitheanta agus tuairisciú trédhearcach, agus gníomh agus cuntasacht phraiticiúil á léiriú ar son na bithéagsúlachta.

Cuspóir 3: Tá Comhairle Contae Mhuineacháin le dul ar thús cadhnaíochta trí bhithéagsúlacht a phríomhshruthú ina bearta agus straitéisí, le cinntiú go bhfuil an bhithéagsúlacht i gceol na cinnteoireachta, an bhainistithe talún agus na hiarrachtaí rannpháirtíochta pobail go léir.

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
3.1 Beartas Lotnaidicéide/Luibhicéide CCM a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm	Modhanna rialaithe fialí a fhiosrú; leanúint de bheith ag obair i leith éirí as gliofosáit a úsáid ar shócmhainní CCM (seachas nuair is gá chun SCI a dhíothú)	Beartas foilsithe; % laghdaithe ar úsáid gliofosáite; méid na modhanna roghnacha ar baineadh triail astu	1B9, 1C6; NEGI 3; HCLO 1	Roinn Bhithéagsúlacht; NPWS; TT; NGOs
3.2 'Foireann Ghlas' CCM a bhunú	Foireann Ghlas a bhunú ar fud na ranna chun tionscnaimh atá dírithe ar an inbhuanaitheacht a stiúradh agus a chomhordú ar fud réimsí na bithéagsúlachta, an ghníomhaithe ar son na haeráide, agus an bhainistithe comhshaoil.	Foireann bunaithe; méid na dtionscnamh stiúrtha; ráta rannpháirtíochta na foirne	3A4; NEGI 4, DZNGI 8	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC; MDs
3.3 Tabhairt faoi ghníomhartha chun Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a sholáthar	Seasamh le gealltanais CCM faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) trí Chomhaontú Comhpháirtithe na Comhairle	Méid na ngníomhartha curtha i gcrích; tuarascáil bhliantúil curtha faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta	2A5, 3B1; NEGI 5; DZNGI 1	Roinn Bhithéagsúlacht; MDs
3.4 'Seicliosta Bithéagsúlachta' a fhorbairt chun cuidiú leis an athbhreithniú ar iarratais phleanála	Seicliosta bithéagsúlachta a chruthú le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála agus ar thionscadail faoi stiúir na Comhairle, chun a chinntiú go mbeidh an bhithéagsúlacht neadaithe go luath agus go mbainfear glanghnóthachan intomhaiste amach	Seicliosta glactha; % na n-iarratas a athbhreithníodh leis an seicliosta	1B3, 4B1; HCLP 2	Roinn Bhithéagsúlacht

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
3.5 Réitigh Dhúlra bhunaithe (NBS) & Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeacha (SUDanna) a Phíolótú	Deiseanna NBS agus SUDanna a shainaithint i dtionscadail CCM; tionscnaimh bhitheagsúlachta a phíolótú e.g. díonta glasa, páirceáil scagach, boscaí/brící éan/ialtóg/beach, crainn dhúchasacha agus cur plandaí atá neamhdhíobhálach do phailneoirí, úllóird uirbeacha, srl.	Méid na dtionscadal píolótach curtha i gcrích; gnéithe bhitheagsúlachta suiteáilte	1A, 1C3	Roinn Bhitheagsúlachta; MCC; NPWS
3.6 Iniúchadh a dhéanamh ar shócmhainní tógtha agus talún CCM chun suíomhanna oiriúnacha a aimsiú le bithéagsúlacht a fheabhsú	Measúnú a dhéanamh ar gach sócmhainn tógtha agus talún ar leis an gComhairle iad chun a bhféidearthachtaí éiceolaíocha a chinntiú; idirghabhálacha saincheaptha a mholadh chun tacú le cruthú gnáthóg, caomhnú speiceas, agus seirbhísí éiceachórais.	Tuarascáil iniúcháir críochnaithe; méid na suíomhanna sainaitheanta; méid na bhfeabhsuithe curtha i gcrích	1C3, 3A1	Roinn Bhitheagsúlachta; MCC; MDs
3.7 Plean Bainistithe Talún Féaraigh a fhorbairt atá oiriúnach d'fhéarach ar fud phunann talún CCM	Plean Bainistithe Talún Féaraigh straitéiseach a chruthú chun bithéagsúlacht a neartú, sláinte na hithreach a fheabhsú, tacú le pailneoirí, agus laghdú ar astaíochtaí carbóin trí chleachtais a dhéanann tairbhe don dúlra	Plean críochnaithe; heicteáir faoi bhainistíocht atá neamhdhíobhálach don bhitheagsúlacht	3A5; NEGI 2; DZNGI 2; HCLO 17	Roinn Bhitheagsúlachta; Roinn an Aimsire; Roinn Gairdínóireacht



Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
3.8 Doiciméad Treorach Bithéagsúlachta agus clár oiliúna a chruthú d'fhoireann CCM agus do pháirtithe leasmhara faoi thorthaí forbartha a dhéanann tairbhe don bithéagsúlacht a sholáthar	Doiciméad Treorach Bithéagsúlachta a fhorbairt le haghaidh rannóga CCM atá páirteach sa phleanáil, sa dearadh, agus sa tógáil chun treoir phraiticiúil atá ábhartha don cheantar áitiúil a chur ar fáil maidir le conas is féidir torthaí a dhéanann tairbhe don bithéagsúlacht a bhaint amach, agus béim ar ghnáthóga a chosaint, speicis a chaomhnú, agus ar ghlanghnóthachan bithéagsúlachta.	Doiciméad foilsithe; méid na foirne curtha faoi oiliúint	2C5; NEGI 5; DZNGI 2; HCLO 4	Roinn Bithéagsúlacht; Roinn an Aimsire; Roinn Gairdínóireacht
3.9 Deiseanna a lorg chun bithéagsúlacht a chur chun cinn trí mhodhanna cruthaitheacha	Leas a bhaint as na healaíona chun rannpháirteachas poiblí a spreagadh agus chun an bithéagsúlacht a dhéanamh inrochtana, sothuigthe, agus beo bríomhar do phobail éagsúla tríd an ealaín, ceol, dráma srl. i gcomhar le leabharlanna CCM, Éire Ildánach agus maoiniú an Chéatadáin don Ealaín	Méid na dtionscadal curtha i gcrích; méadracht rannpháirtíocht an phobail	1C5, 1C6; HCLO 12-13	Roinn Bithéagsúlacht; Roinn an Aimsire; Roinn Gairdínóireacht; Roinn Pleanála
3.10 Oideachas agus Feasacht Bithéagsúlachta Ionchuimsitheach a chur chun cinn	Comhoibriú le Leabharlanna agus Rannóga Pobal CCM chun oideachas agus deiseanna rannpháirtíochta bithéagsúlachta, atá inrochtana agus ionchuimsitheach, a sholáthar; leabharlanna a úsáid mar mhoil phobail chun faisnéis agus acmhainní faoin mbithéagsúlacht a scaipeadh e.g. boscaí ESKER	Méid na n-imeachtaí reáchtáilte; raon déimeagrafach	3A6; NEGI 7, DZNGI 5	Roinn Bithéagsúlacht; Roinn an Aimsire; Roinn Gairdínóireacht; Roinn Pleanála

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
3.11 Comhoibriú le Foireann CCM um Gníomhú ar son na hAeráide chun gníomhartha bithéagsúlachta ón bPlean Gníomhaithe ar son ha hAeráide (2024–2029) (LACAP) a sholáthar	An t-idirspheáras idir an aeráid agus bithéagsúlacht a aithint, tairbhí comhroinnte a sholáthar a neartaíonn teacht aniar an éiceachórais, a thacaíonn le ceapadh carbóin, agus a fheabhsaíonn folláine an phobail.	Méid na ngníomhartha bithéagsúlachta a cuireadh i gcrích; comhthionscnaimh atá críochnaithe	2B4, 3A7; NEGI 5; DZNGI 3; HCLO 3	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Gairdínóireacht; MDs
3.12 Tús áite a thabhairt d'úsáid speiceas crann agus plandaí dúchasacha i bhforbairt agus tionscadail CCM	Nuair is cuí, tá tús áite le tabhairt do speicis plandaí dhúchasacha i ngach forbairt agus tionscadal tírdhreachaithe agus athdhúlraithe agus i ngach iarracht athchóirithe gnáthóige ar fud a tailte.	Méid na dtionscadal ina n-úsáidtear speicis dhúchasacha; rianú dualfhoins	3A8; DZNGI 6	Roinn Bhithéagsúlacht; Roinn Gairdínóireacht; MDs
3.13 Gach gníomh bithéagsúlachta a ailíniú le reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus AE, le creata beartais agus le pleananna straitéiseacha	Cinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht, tionscadal agus beartas a bhaineann le bithéagsúlacht go hiomlán comhlíontach leis an reachtaíocht agus le creata reatha, agus treoraithe acu, ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus AE.	Athbheithniú comhlíontachta bliantúil críochnaithe	2C6	Roinn Bhithéagsúlacht; Spéir Dhorcha na hÉireann
3.14 Treoirilínte soilisithe a fhorbairt chun laghdú ar thruailliú solais agus chun tacú le caomhnú spéire dhorcha	Treoirilínte dea-chleachtais maidir le soilsiú saorga a fhorbairt agus a chur chun cinn chun laghdú ar na tionchair ar dhaoine agus ar an bhfiadhúlra; suíomhanna píolótacha Spéire Dhorcha a fhiosrú i Muineachán.	Treoirilínte foilsithe; suíomh píolótach ceaptha; méadracht truaillithe solais	1B10, 3A9	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC; MDs; TT; NGOs
3.15 Straitéis Ghlas Soláthair Phoiblí CCM a ghlacadh isteach i ngach tionscadal agus imeacht bithéagsúlachta.	Cinntiú go dtacaíonn gach cinneadh ceannaigh agus conartha go gníomhach le bithéagsúlacht, le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil, agus le teacht aniar na haeráide.	Méid na dtionscadal ina n-úsáidtear ábhair inbhuanaithe	1B3, 4B1	Roinn Bhithéagsúlacht; MCC

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
3.16 Cinntiú go bhfuil foireann thiomnaithe agus acmhainní ag CCM chun gealltanais Bhithéagsúlachta a threorú, chun tacú leo agus chun tuairisc a dhéanamh orthu	Féachaint leis an Rannóg Bithéagsúlachta a neadú mar thosaíocht straitéiseach laistigh de Phlean Lucht Saothair an Údaráis Áitiúil chun a chinntiú go bhfuil na scileanna, eolas agus cumas ag CCM soláthar a dhéanamh go héifeachtach ar mhaithe le bithéagsúlacht	Acmhainní agus foireann tugtha don Rannóg	4B2	Roinn Bhithéagsúlachta; Éire Chruthaiteach
3.17 Athrú go múirín saor ó mhóin i ngach tionscadal CCM agus múirín inmheánach a ghiniúint ó dhramhail ghlas agus duilleoga	Tacú leis an Rannóg Gairneoireachta chun deireadh a chur le húsáid múirín móna de réir a chéile, agus tionscadal píolótach a thosú le múirín dramhaíola glaise; múiríniú a chur chun cinn agus tacú leis mar phríomhréiteach dúlrbhunaithe	Laghduithe ar úsáid na móna; tionscadal píolótach seolta	4B1, 4B3	Roinn Bhithéagsúlachta; Muineachán le Gaeilge; NGO's; MCC leabharlanna; Pobail;





Téama 4: Ceangal a dhéanamh leis an dúlra

Aithníonn an téama seo go bhfuil pobail áitiúla lárnach do chosaint na bithéagsúlachta. Trí chabhrú le daoine ceangal a dhéanamh leis an dúlra, tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin feasacht, tuiscint agus braistint freagrachta comhroinnte don timpeallacht nádúrtha a chothú. Trí mheán an oideachais, na rannpháirtíochta agus trí rochtain ar an dúlra, is mó seans atá ann go gcuirfidh pobail luach ar éiceachórais áitiúla agus go ndéanfaidh siad beart chun iad a chosaint agus a fheabhsú.

Díríonn an téama ar an rannpháirtíocht trí mheán na foghlama agus eispéiris – idir scoileanna agus eolaíocht saoránach agus caomhnú praiticiúil agus teagmháil laethúil le spásanna glasa. Trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh atá faoi stiúir an phobail agus cuid den saol laethúil a dhéanamh den dúlra, is féidir le Muineachán líonra láidir a fhorbairt de chaomhnóirí bithéagsúlachta áitiúla atá tiomanta do thimpeallacht nádúrtha an chontae a chosaint.

Príomhthosaíochtaí faoin téama seo:

- Cur le feasacht agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht trí mheán an oideachais, cláir for-rochtana agus imeachtaí atá bunaithe ar an dúlra.
- Tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an phobail i gcaomhnú, lena n-áirítear eolaíocht saoránach, obair dheonach agus tionscadail bithéagsúlachta áitiúla.
- Feabhas a chur ar rochtain ar an dúlra gar do bhaile trí spásanna glasa, conairí fiadhúlra agus gairdíní pobail a thacaíonn leis an bhfolláine agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn.



Cuspóir 4: Cumhacht a thabhairt do phobail i Muineachán a bheith ina gcosantóirí dúlra trí fheasacht mhéadaithe, rannpháirtíocht agus léirthiscint ar an mbithéagsúlacht

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
4.1 Aird a tharraingt ar iarrachtaí pobail le feasacht ar bhitheagsúlacht a mhúscailt, agus iad a cheiliúradh	Aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta ag daoine aonair, scoileanna, grúpaí pobail, agus eagraíochtaí a léiríonn ceannaireacht i bhfeasacht agus i ngníomh bithéagsúlachta, e.g. Dámhachtain Chuimhneacháin bhliantúil Fearghal Duffy, agus an méid céanna a chur chun cinn	Méid na dtionscadal pobail ar a ndírítear aird gach bliain	4B1, 4B3; HCLSO 1; GEP 1-5	Roinn Bhitheagsúlacht; NGO's; Pobail; Leanaí
4.2 Comhdhála bithéagsúlachta a Reachtáil mar phríomhardáin oideachais, chomhoibrithe agus spreagtha	Leanúint de Chomhdháil Bhitheagsúlachta Mhuineacháin a sholáthar gach bliain chomh maith le Comhdháil Bhitheagsúlachta an Óige Mhuineacháin go leathbhliantúil	Figiúirí tinrimh	4C1; DZNGI 6	Roinn Bhitheagsúlacht; NPWS; HC;
4.3 Feasacht phoiblí ar an mbithéagsúlacht a mhéadú trí imeachtaí agus seisiúin oiliúna bithéagsúlachta a sholáthar saor in aisce	An pobal a tharraingt isteach go gníomhach in oideachas agus ceiliúradh na bithéagsúlachta trí imeachtaí ionchuimsitheacha agus inrochtana a óstáil le linn Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, na Seachtaine Oidhreacht Náisiúnta, na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide, Sheachtain na hEolaíochta, srl. ar fud gach Ceantar Bardasach	Méid na n-imeachtaí a reachtáladh; Leibhéil tinrimh phoiblí agus rannpháirtíochta	1C5, 1C6; HCLSO 1	Roinn Bhitheagsúlacht; NPWS; HC; MCC Pobail; MDs
4.4 Tacú le rannpháirtíocht Eolaíochta Saoránach i dtionscadail bithéagsúlachta	Tionscnaimh Eolaíochta Saoránach a éascú agus tacú leo i Muineachán, aird a tharraingt ar thionscadail reatha, oiliúint a chur ar fáil, agus é a chur ar chumas clárúitheoirí sonraí a uaslódáil chuig an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC)	Méid na gclárúitheoirí gníomhacha; Méid na dtaifead bithéagsúlachta curtha faoi bhráid NBDC; Méid na gclár Eolaíochta Saoránach lena rabhtas rannpháirteach	4A3; HCLSO 1	Roinn Bithéagsúlacht; MCC; NPWS; HC; Pobail; MDs

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
4.5 Tacú le tionscnaimh pailneoirí agus bithéagsúlachta pobail tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)	Tríd an LRP, tacú le pobail, úinéirí talún, grúpaí na mBailte Slachtmhara, scoileanna, gnóthaí, grúpaí creidimh, clubanna spóirt srl. chun páirt iomlán a ghlacadh i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí trí ghníomhartha ábhartha atá neamhdhíobhálach do phailneoirí a chur chun feidhme; agus glacadh le tionscnaimh bithéagsúlachta eile (e.g. an Clár Filleadh ar an Dúlra, Clár na gClubanna Glasa)	Méid na ngrúpaí a chuireann gníomhartha de Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí i bhfeidhm; Méid na ngrúpaí a ghlacann le cláir Filleadh ar an Dúlra nó Clubanna Glasa	2C5, 4C1; HCLSO 1	Roinn Bhithéagsúlachta; MCC; NPWS; HC; Pobail; MDs
4.6 Tacú le Clár na Scoileanna Glasa i Muineachán	Soláthar Chlár na Scoileanna Glasa a chur chun cinn sa chontae, le tacaíocht thiomnaithe do scoileanna atá ag baint a mBratach Bhithéagsúlachta amach; an Tionscnamh Oidhreacht sna Scoileanna a chur chun cinn	Méid cláraithe agus tacaíthe; Méid na mBratach Bhithéagsúlachta bronnta; Méid rannpháirteach i Scoileanna Oidhreacht	4B2	Roinn Bhithéagsúlachta; EAO
4.7 Úsáid a bhaint as meáin thraidisiúnta, shóisialta agus dhigiteacha chun feachtas a mhúscailt faoin mbithéagsúlacht agus faoi na dúshláin atá roimpi go háitiúil	Feachtas phoiblí faoin mbithéagsúlacht a mhúscailt trí úsáid a bhaint as raon meán e.g. cló, craolachán agus meáin shóisialta agus úsáid podchraoltaí, seimineáir ghréasáin, físeáin, nuachtlitreacha srl. a fhiosrú chun dul i dteagmháil le pobail éagsúla, gníomh a spreagadh agus ceangail níos doimhne a chothú idir daoine agus an dúlra.	Méid táirgthe; Scaipeadh agus rannpháirtíocht meán sóisialta; Clúdach craolacháin	4B1; HCLSO 1	Roinn Bhithéagsúlachta; EAO; NGO's

Gníomh	Cur Síos	Príomhtháscaire Feidhmíochta (PTF)	Comhrialú Beartais le NBAP, CDP, CAP	Comhpháirtithe
4.8 Tacú le grúpaí pobail chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla (LBAPanna) a fhorbairt agus a chur chun feidhme	Tacú le pobail áitiúla ar bhealach gníomhach chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla (LBAPanna) a chruthú agus a sholáthar, pleananna atá oiriúnaithe dá dtírdhreacha, dá speicis, agus dá dtosaíochtaí ar leith trí threorú maidir le hoiliúint agus maoiniú	Méid na LBAPanna forbartha; Méid na n-iarratas ar mhaoiniú ar tacaíodh leo	4C2	Roinn Bhithéagsúlacht; EAO; NGO's
4.9 Scéim Tacaíochta Bithéagsúlachta a thosú ar bhonn píolótach chun tionscadail bithéagsúlachta faoi stiúir an phobail a mhaoiniú agus a chumhachtú ar fud Muineacháin	Scéim Tacaíochta Bithéagsúlachta a sheoladh, amhail Hare's Corner, chun cúnamh airgeadais agus teicniúil a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, scoileanna, úinéirí talún, agus eagraíochtaí áitiúla a thugann faoi thionscadail feabhsaithe bithéagsúlachta.	Méid na ndeontas bronnta; Torthaí tionscadail agus tionchar ar an mbithéagsúlacht	4B4; NEGI 9	Roinn Bhithéagsúlacht; EAO; NGO's; TT; MWF

